



AN CHOMHAIRLE EORPACH

An Bhruiséil, 18 Nollaig 2014
(OR. en)

EUCO 237/14

CO EUR 16
CONCL 6

NÓTA CLÚDAIGH

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Chuig:	Na toscaireachtaí
Ábhar:	Comhairle Eorpach (18 Nollaig 2014) – Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcrúinniú thuas.

I. AN INFHEISTÍOCHT A CHOTHÚ SAN EORAIP

1. Is príomhdhúshlán beartais é an infheistíocht a chothú agus aghaidh a thabhairt ar chliseadh margaí san Eoraip. Leis an aird atá á tabhairt anois ar an infheistíocht, agus leis na gealltanais a thug na Ballstáit treisiú le hathchóirithe struchtúracha agus comhdhlúthú fíoscach a chur ar bun a chothóidh an fás, cuirfear bonn maith faoin bhfás agus faoin bhfostaíocht san Eoraip. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:
 - a) fógraíonn sí gur cheart Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (EFSI) a bhunú i nGrúpa na mBanc Eorpach Infheistíochta (Grúpa BEI) chun 315 billiún euro a chur ar fáil d'infheistíochtaí nua idir 2015 agus 2017. Tíolacfaidh an Coimisiún togra i mí Eanáir 2015, agus iarrtar ar reachtóirí an Aontais teacht ar chomhaontú ina leith faoi mhí an Mheithimh, ionas go mbeifear in ann na hinfheistíochtaí nua a chur i ngníomh faoi lár na bliana 2015. Iarrtar ar Ghrúpa na mBanc Eorpach Infheistíochta tús a chur le gníomhaíochtaí agus leas a bhaint as a chistí dílse ó mhí Eanáir 2015 ar aghaidh. Beidh EFSI oscailte do ranníocaíochtaí ó na Ballstáit, go díreach nó trí bhainc náisiúnta le haghaidh spreagtha. Tugann an Chomhairle dá haire gur léirigh an Coimisiún go bhfuil sé ag féachaint go fabhrach ar ranníocaíochtaí caipitil den chineál sin i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar airgeadas poiblí faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis; measúnú a bhfuil gá leis bheith i gcomhréir leis an tsolúbthacht atá mar dhlúthpháirt de na rialacha atá aige cheana féin;
 - b) tacaíonn sí le rún an Choimisiúin agus an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta an cúnamh teicniúil a chuirtear ar fáil do thionscadail a threisiú ar an leibhéal Eorpach agus lárionad comhairliúcháin maidir le hinfheistíocht a chruthú a rachaidh i mbun gnímh ó lár na bliana 2015 ar aghaidh;
 - c) cuireann sí i bhfáth go gcomhlánóidh EFSI cláir reatha an Aontais agus gníomhaíochtaí traidisiúnta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus go mbeidh sé mar bhreis ar na cláir agus ar na gníomhaíochtaí sin. Sa chomhthéacs sin, tá sé inmholta go mbainfí leas iomlán as acmhainní uile an Aontais, idir acmhainní atá ann cheana agus acmhainní a leithdháileadh. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun teacht ar réitigh chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na gealltanais a tugadh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2007-2013 agus aithníonn sé go bhfuil sé inmhianaithe go dtabharfaí tionscnaimh fhadtéarmacha i gcóir sna blianta amach romhainn, ag baint úsáide as solúbthacht na rialacha atá ann cheana féin;

- d) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar reachtóirí an Aontais dlús a chur leis an obair ar na príomhbhearta le go mbeadh an tAontas níos tarraingtí mar láthair táirgthe, mar láthair infheistíochta agus nuála, agus chun feabhas a chur ar an timpeallacht rialála le haghaidh infheistíochta, lena n-áirítear an obair atá ar bun chun na margaí caipitil a chomhtháthú, agus ag an am céanna an clár oibre maidir le rialáil níos fearr a shaothrú go dúthrachtach, ar clár oibre é atá dírithe ar rialú trédhearcach, simplí a chur ar bun ar chostas íseal, ar aon dul leis na conclúidí ón gComhairle den 4 Nollaig 2014;
 - e) measann sí go gur cheart reachtaíocht an Aontais i réimse an Mhargaidh Aonair a ghlacadh, a thrasú agus a chur chun feidhme go pras agus gur cheart feabhas a chur ar na hiarrachtaí atá ar bun chun bacainní a bhaint agus chun bailchríoch a chur ar an margadh inmheánach táirgí agus seirbhísí;
 - f) iarrann sí ar an gCoimisiún togra cuimsitheach an Aontais Fuinnimh a thíolacadh i bhfad roimh chruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2015;
 - g) iarrann sí ar reachtóirí an Aontais dlús a chur an athuair leis an obair ar na tograí atá ar feitheamh maidir leis an Margadh Aonair Digiteach agus iarrann sí ar an gCoimisiún teachtaireacht uailmhianach a thíolacadh i dtaca leis sin i bhfad roimh chruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh 2015;
 - h) measann sí gur cheart an córas iltaobhach trádála a neartú tuilleadh agus comhaontuithe déthaobhacha trádála a chur i gcrích le comhpháirtithe tábhachtacha. Ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe gach iarracht a dhéanamh clabhsúr a chur, faoi dheireadh na bliana 2015, ar an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú TTIP uailmhianach, cuimsitheach a rachadh chun tairbhe don dá thaobh.
2. Breathnóidh an Chomhairle Eorpach go rialta ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis na treoirlínte thuasluaite a chur chun feidhme.
3. Tá géarghá le dul chun cinn a dhéanamh maidir le seachaint cánach agus pleanáil ionsaitheach chánach a chomhrac, ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais araon. Agus béim á leagan aici ar an tábhacht a bhaineann leis an trédhearcacht, tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an togra ón gCoimisiún i ndáil le malartú uathoibríoch faisnéise faoi shocruithe cánach san Aontas. Beidh plé sa Chomhairle faoin mbealach ina ndéanfar dul chun cinn maidir leis na saincheistanna sin ar fad agus cuirfidh sí tuarascáil ina leith faoi bhráid na Comhairle Eorpaí ag cruinniú mhí an Mheithimh 2015.

4. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na beartais eacnamaíocha a chomhordú ar bhealach níos dlúithe fós chun dea-fheidhmiú an Aontais Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta a áirithiú. Tar éis an tsaincheist sin a phlé ar bhonn nóta anailíseach ag cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeannairí Stáit nó Rialtais i mí Feabhra, déanfaidh Uachtarán an Choimisiúin, i ndlúthchomhar leis an Uachtarán ar na Cruinnithe Mullaigh faoin Euro, le hUachtarán an Ghrúpa Euro agus le hUachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh, tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí ag cruinniú mhí an Mheithimh 2015 ar a dhéanaí. Beidh dlúthbhaint ag na Ballstáit leis an obair ullmhúcháin.

II. AN ÚCRÁIN

5. Tréaslaíonn an Chomhairle Eorpach leis an Úcráin faoina rialtas nua agus is díol sásaimh di go bhfuil rún daingean ag an Úcráin athchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha a chur i bhfeidhm. Tar éis don Choimisiún 500 milliún Euro a íoc amach i mí na Nollag mar chúnamh macra-airgeadais don dara huair, tá an tAontas agus a Bhallstáit réidh chun próiseas athchóirithe na hÚcráine a éascú tuilleadh agus tá siad réidh chun tacú tuilleadh leis an bpróiseas, in éineacht le deontóirí eile agus i gcomhréir le coinníollacht an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil an Coimisiún réidh cabhair dhaonnúil a mhéadú do na daoine atá ag fulaingt san Úcráin.
6. Is ábhar mór imní fós an staid in oirthear na hÚcráine. Inniu, daingníodh tuilleadh beartas an Aontais gan nasc-ghabháil mhídhleathach na Crimé agus Sevastopol a aithint. Seasfaidh an tAontas an fód; tá an Chomhairle Eorpach réidh le bearta breise a ghlacadh más gá. Ba cheart do na páirtithe uile, an Rúis san áireamh, bheith rannpháirteach go gníomhach i gcomhaontuithe Mhionsc agus ba cheart dóibh iad a chur chun feidhme go hiomlán. Fógraíonn an Chomhairle Eorpach gur cheart rochtain gan bhac bheith ar shuíomh tubaiste na heitilte MH17 ar mhaithe leis na himscrúduithe atá fós ar siúl.